



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/154 ÓN gCOIMISIÚN
an 23 Eanáir 2026

maidir le cré shéipailíteach a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas athchogantaigh le haghaidh táirgeadh nó atáirgeadh bainne, bainbh scoite de speicis mhucúla, speicis mhucúla lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/263 a mhéid a bhaineann le téarmaí údaraithe cré séipailítí mar bhreiseán beathaithe le haghaidh salmainidí agus sicíní lena ramhrú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) agus Airteagal 13(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú. Le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin foráiltear maidir le hathmheastóireacht a dhéanamh ar bhreiseáin a údaraíodh de bhun Threoir 70/524/CEE ón gComhairle⁽²⁾.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/263 ón gCoimisiún⁽³⁾, údaraíodh an tsubstaint cré shéipailíteach ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh athchogantaigh dhéiríochta, *Suidae* scoite agus *Suidae* lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, i gcomhar le hAirteagal 7 de, cuireadh iarratas isteach chun athmheastóireacht a dhéanamh ar chre shéipailíteach mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas athchogantaigh dhéiríochta, *Suidae* scoite agus *Suidae* lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú, iarratas inar iarradh go n-aicmeofaí an breiseán sa chatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíochta' agus sna feidhmghrúpaí 'ceanglóirí' agus 'oibreáin frithstolptha'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) I gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas chun modhnú a dhéanamh ar théarmaí údaraithe cré shéipailíteach a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/263 a mhéid a bhaineann lena húsáid le haghaidh salmainidí agus sicíní lena ramhrú. Baineann an modhnú le méadú ar an uaschion go 20 000 mg in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán, in ionad na leibhéil atá údaraithe faoi láthair de 17 600 mg/kg le haghaidh salmainidí agus 10 000 mg/kg le haghaidh sicíní lena ramhrú. Soláthraíodh sonraí forlíontacha chun a léiriú go gcomhlíonann an breiseán na coinníollacha maidir le húdarú ar an leibhéal atá beartaithe. Measfar an modhnú sin a bheith laistigh de chomhthéacs na hathmheastóireachta ar an tsubstaint.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Treoir 70/524/CEE ón gComhairle an 23 Samhain 1970 maidir le breiseáin in ábhair bheatha (IO L 270, 14.12.1970, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/1970/524/oj>).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/263 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2023 maidir le cré shéipailíteach a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh athchogantaigh dhéiríochta, *Suidae* scoite agus *Suidae* lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú (IO L 37, 8.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/263/oj).

- (5) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 20 Márta 2025 ⁽⁴⁾ go bhfuil úsáid cré séipailítí ar leibhéal 20 000 mg/kg d'ábhar beatha iomlán sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach greannaitheoir craicinn ná súl é an breiseán. Mar sin féin, measadh gur íogróir riospráide agus craicinn a bhí ann. Mar gheall ar an acmhainneacht atá aige deannach a tháirgeadh agus ar a chion sílice, measadh gur riosca é an breiseán trí ionanálú. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil an breiseán éifeachtúil mar cheanglóir agus oibreán frithstolptha in ábhar beatha le haghaidh gach speicis ainmhíoch faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Níor mheas sé go raibh gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.
- (6) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas i measúnú roimhe seo i ndáil le hiarratas eile ar údarú an bhreiseáin chéanna, conclúidí agus moltaí a d'fhóirigh an tÚdarás sa tuairim uaidh an 4 Bealtaine 2022 ⁽⁵⁾, mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ⁽⁶⁾, níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha.
- (7) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann cré shéipailíteach na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid an bhreiseáin sin a údarú le haghaidh gach speicis ainmhíoch seachas athchogantaigh le haghaidh táirgeadh nó atáirgeadh bainne, bainbh scoite de speicis mhucúla, speicis mhucúla lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.
- (8) Ina theannta sin, i bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann údarú cré séipailítí fós na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 agus na téarmaí sin maidir le húdarú á modhnú a mhéid a bhaineann lena húsáid le haghaidh salmainidí agus sicíní lena ramhrú, tríd an uaschion a mhéadú go 20 000 in aghaidh an kg d'ábhar beatha iomlán. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/263 a leasú dá réir sin.
- (9) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar choinníollacha údaraithe cré séipailítí le haghaidh salmainidí agus sicíní lena ramhrú a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthrémhse le haghaidh páirtithe leasmhara ionas gur féidir leo iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as modhnú an údaraithe lena mbaineann a chomhlíonadh.
- (10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear in Iarscríbhinn I, agus a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin theicneolaíocha' agus leis na feidhmghrúpaí 'ceanglóirí' agus 'oibreáin frithstolptha', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/263

Cuirtear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/263.

⁽⁴⁾ EFSA Journal [Iris EFSA]. 2025;23:e9365, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9365>.

⁽⁵⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2022;20(5):7344, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7344>.

⁽⁶⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaís agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

*Airteagal 3***Bearta idirthréimhseacha**

1. An tsubstaint cré shéipailíteach, mar a údaraítear í le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/263, agus réamh-mheascáin a bhfuil an tsubstaint sin iontu, nithe atá beartaithe le haghaidh salmainidí agus sicíní lena ramhrú agus ar nithe iad a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 15 Lúnasa 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 15 Feabhra 2026, féadfar leanúint dá cur ar an margadh agus dá húsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.
2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint dá dtagraítear i mír 1 iontu, nithe atá beartaithe le haghaidh salmainidí agus sicíní lena ramhrú agus ar nithe iad a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 15 Feabhra 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 15 Feabhra 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

*Airteagal 4***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: ceanglóirí								
1g563	Cré shéipailít-each	Comhdhéanamh an bhreiseáin Sileacáit mhaighnéisiam hiodráitithe de thionscnamh dríodair, ina bhfuil ≥ 40 % de shéipailít agus ≥ 25 % d'illít. I bhfoirm phúdair. Saintréithriú na substainte gníomhaí Séipailít (sileacáit mhaighnéisiam hidriúil): ≥ 40 % Uimhir CAS: 63800-37-3 Uimhir Einecs: 264-465-3 Foirmle cheimiceach: Mg ₄ Si ₆ O ₁₅ (OH) ₂ ·6H ₂ O. Illít (potaisiam agus sileacáit alúmanaim iarainn): ≥ 25 % Uimhir CAS: 12173-60-3 Uimhir Einecs: 601-803-4 Foirmle cheimiceach: (K,H ₃ O)(Al,Mg, Fe) ₂ (Si,Al) ₄ O ₁₀ [(OH) ₂ ·(H ₂ O)] Carbónáití (dolaimit, carbónáit chailciam agus carbónáit mhaighnéisiam): ≤ 35 % Saor ó aispeist ⁽¹⁾ Eisíontais: Nicil ≤ 20,3 mg/kg	Gach speiceas ainmhíoch seachas athchogantaigh le haghaidh táirgeadh nó atáirgeadh bainne, bainbh scoite de speicis mhucúla, speicis mhucúla lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena ramhrú		—	20 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrú na dálaí stórála. 2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann agus don análú. Tabharfar aird ar leith ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí ionanálaithe a bhaineann le teagmháil le nicil agus silice chriostalta.	An 15 Feabhra 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		<i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Maidir le saintréithriú an bhreiseán beathaithe: — Díraonadh x-ghathach (XRD) agus — Fluaraiseacht x-ghathach (XRF) nó speictriméadracht ionsaithe adamhaigh (AAS).						

⁽¹⁾ Seo a leanas na modhanna a úsáideadh: Díraonadh x-ghathach agus Micreascópacht leictreoin scanacháin (SEM) le hAnailís X-ghathach Easraithe Fuinnimh (EDAX) chríochnaitheach.

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: oibreáin frithstolptha

1g563	Cré shéipailít- each	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Sileacáit mhaighnéisiam hiodráitithe de thionscnamh dríodair, ina bhfuil ≥ 40 % de shéipailít agus ≥ 25 % d'illít. I bhfoirm phúdair. <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Séipailít (sileacáit mhaighnéisiam hidriúil): ≥ 40 % Uimhir CAS: 63800-37-3 Uimhir Einecs: 264-465-3	Gach speiceas ainmhíoch seachas athchogantaigh le haghaidh táirgeadh nó atáirgeadh bainne, bainbh scoite de speicis mhucúla, speicis mhucúla lena ramhrú, salmainidí agus sicíní lena		—	20 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh- mheascán, sonrú na dálaí stórála. 2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta	An 15 Feabhra 2036
-------	----------------------------	--	--	--	---	--------	--	--------------------------

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		Foirmle cheimiceach: Mg ₄ Si ₆ O ₁₅ (OH) ₂ ·6H ₂ O. Illít (potaisiam agus síleacáit alúmanaim iarainn): ≥ 25 % Uimhir CAS: 12173-60-3 Uimhir Einecs: 601-803-4 Foirmle cheimiceach: (K,H ₃ O)(Al,Mg, Fe) ₂ (Si,Al) ₄ O ₁₀ [(OH) ₂ ·(H ₂ O)] Carbónáití (dolaimít, carbónáit chailciam agus carbónáit mhaighnéisiam): ≤ 35 % Saor ó aispeist ⁽¹⁾ Eisíontais: Nicil ≤ 20,3 mg/kg Modh anailíse ⁽²⁾ Maidir le saintréithriú an bhreiseán beathaithe: — Díraonadh x-ghathach (XRD) agus — Fluaraiseacht x-ghathach (XRF) nó speictriméadracht ionsaithe adamhaigh (AAS).	ramhrú			eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh- mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann agus don análú. Tabharfar aird ar leith ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí ionanáilaithe a bhaineann le teagmháil le nicil agus sílice chriostalta.		

⁽¹⁾ Seo a leanas na modhanna a úsáideadh: Díraonadh x-ghathach agus Micreascópacht leictreoin scanacháin (SEM) le hAnailís X-ghathach Easraithe Fuinnimh (EDAX) chríochnaitheach.

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en.

IARSCRÍBHINN II

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: ceanglóirí								
1g563	Cré shéipiaílít- each	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Sileacáit mhaighnéisiam hiodráitithe de thionscnamh dríodair, ina bhfuil ≥ 40 % de shéipiaílít agus ≥ 25 % d'illít. I bhfoirm phúdair. <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Séipiaílít (sileacáit mhaighnéisiam hidriúil): ≥ 40 % Uimhir CAS: 63800-37-3 Uimhir Einecs: 264-465-3 Foirmle cheimiceach: Mg ₄ Si ₆ O ₁₅ (OH) ₂ ·6H ₂ O. Illít (potaisiam agus sileacáit alúmanaim iarainn): ≥ 25 % Uimhir CAS: 12173-60-3 Uimhir Einecs: 601-803-4 Foirmle cheimiceach: (K,H ₃ O)(Al, Mg,Fe) ₂ (Si,Al) ₄ O ₁₀ [(OH) ₂ ·(H ₂ O)] Carbónáití (dolaimít, carbónáit chailciam agus carbónáit mhaighnéisiam): ≤ 35 % Saor ó aispeist ⁽¹⁾ Eisíontais: Nicil ≤ 20,3 mg/kg	— Athchogant- aigh le haghaidh táirgeadh nó atáirgeadh bainne — Bainbh scoite de speicis mhucúla — Speicis mhucúla lena ramhrú — Salmainidí — Sicíní lena ramhrú	—	20 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh- mheascán, sonrófar na dálaí stórála. 2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibriochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh- mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann agus don análú. Tabharfar aird ar leith ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí ionanáilaithe a bhaineann le teagmháil le nicil agus silice chriostalta.	An 28 Feabhra 2033	

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		Modh anailíse ⁽²⁾ Maidir le saintréithriú an bhreiseán beathaithe: — Díraonadh x-ghathach (XRD) agus — Fluaraiseacht x-ghathach (XRF) nó speictriméadracht ionsaithe adamhaigh (AAS).						

⁽¹⁾ Seo a leanas na modhanna a úsáideadh: Díraonadh x-ghathach agus Micreascópacht leictreoin scanacháin (SEM) le hAnailís X-ghathach Easraithe Fuinnimh (EDAX) chríochnaitheach.

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en.

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			

Catagóir: breiseáin theicneolaíocha. Feidhmghrúpa: oibreáin frithstolptha

1g563	Cré shéipailít- each	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Sileacáit mhaighnéisiam hiodráitithe de thionscnamh dríodair, ina bhfuil ≥ 40 % de shéipailít agus ≥ 25 % d'illít. I bhfoirm phúdair. <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Séipailít (sileacáit mhaighnéisiam hidriúil): ≥ 40 % Uimhir CAS: 63800-37-3 Uimhir Eínecs: 264-465-3	— Athchogant- aigh le haghaidh táirgeadh nó atáirgeadh bainne — Bainbh scoite de speicis mhucúla		—	20 000	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh- mheascán, sonrú na dálai stórála. 2. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta	An 28 Feabhra 2033
-------	----------------------------	--	---	--	---	--------	--	--------------------------

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de bhreiseán/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
		Foirmle cheimiceach: Mg ₄ Si ₆ O ₁₅ (OH) ₂ ·6H ₂ O. Illít (potaisiam agus síleacáit alúmanaim iarainn): ≥ 25 % Uimhir CAS: 12173-60-3 Uimhir Einecs: 601-803-4 Foirmle cheimiceach: (K,H ₃ O)(Al, Mg,Fe) ₂ (Si,Al) ₄ O ₁₀ [(OH) ₂ ·(H ₂ O)] Carbónáití (dolaimít, carbónáit chailciam agus carbónáit mhaighnéisiam): ≤ 35 % Saor ó aispeist ⁽¹⁾ Eisíontais: Nicil ≤ 20,3 mg/kg Modh anailíse ⁽²⁾ Maidir le saintréithriú an bhreiseán beathaithe: — Díraonadh x-ghathach (XRD) agus — Fluaraiseacht x-ghathach (XRF) nó speictriméadracht ionsaithe adamaigh (AAS).	— Speicis mhucúla lena ramhrú — Salmainidí — Sicíní lena ramhrú			eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh- mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don chraiceann agus don análú. Tabharfar aird ar leith ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí ionanálaithe a bhaineann le teagmháil le nicil agus sílice chriostalta.		

⁽¹⁾ Seo a leanas na modhanna a úsáideadh: Díraonadh x-ghathach agus Micreascópacht leictreoin scanacháin (SEM) le hAnailís X-ghathach Easraithe Fuinnimh (EDAX) chríochnaitheach.

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en.